



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

---

**GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL**

**PÁIPÉAR II**

(110 marc)

---

**DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.50**

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.)

**Freagair Ceist Iomlán ((a) agus (b)) sa Phrós agus san Fhilíocht.**

Maidir leis an bPrós:

Tá rogha idir an Cúrsa Ainmnithe (leathanach 2) agus an Cúrsa Roghnach (leathanach 5).

Maidir leis an bhFilíocht:

Tá rogha idir an Cúrsa Ainmnithe (na leathanaigh 3 agus 4) agus an Cúrsa Roghnach (leathanach 6).

---

Chun an chuid seo a fhreagairt féach ar na treoracha atá ar leathanach 1.

## CEIST 1

## – PRÓS AINMNITHE –

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Scríobh cuntas ar ar tharla sa ghearrscannán *Clare sa Spéir* ón am a tháinig Eoin abhaile ón teach tábhairne (teach ósta) go dtí an deireadh. (25 mharc)

- (ii) Cé acu is fearr leat, Clare nó Eoin? Cuir fáthanna le do thuairim (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

## NÓ

- (i) “Thóg sé a cheann agus d’fhéach sé orm. Thugamar grá dá chéile ar an gcéad luí súl.” Déan cur síos ar an ngaol a bhí idir Nóinín agus Peadar nuair a bhí siad óg. (*Lá Buí Bealtaine*) (25 marc)

- (ii) Cén sórt duine é Peadar agus é ina sheanfhear, dar leat? Déan cur síos **gairid** air mar sheanfhear. (10 marc)

## NÓ

- (i) “D’iarr na mná ar an Chearrbhach sagart a fháil a bhaistfeadh an leanbh.” (*An Cearrbhach Mac Cába*). Déan cur síos ar ar tharla don Chearrbhach ó baisteadh an leanbh go dtí gur tháinig sé ar ais ón Spáinn. (25 mharc)

- (ii) Cén sórt carachtair é Dia sa scéal seo, dar leat? Déan cur síos **gairid** air. (10 marc)

- (b) (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa – *An Bhean Óg, Coileach Ghleann Phádraig, Fiche Blian ag Fás* agus *Lig Sinn i gCathú* – roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

greann  
díomá

cruachás  
saol an mhic léinn

an óige (nó an tseanaois)  
easpa céille

(20 marc)

## NÓ

- (ii) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa – *An Bhean Óg, Coileach Ghleann Phádraig, Fiche Blian ag Fás* agus *Lig Sinn i gCathú* – roghnaigh **saothar amháin** díobh. Tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a bhí suimiúil (go maith) **agus** rud amháin nach raibh suimiúil (nach raibh go maith). (20 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Déan cur síos i d'fhocail féin ar Jack mar a fheictear sa dán seo é (thíos). (8 marc)
- (ii) Cad iad na dathanna a luaitear sa dán seo? (8 marc)
- (ii) Tabhair cuntas i d'fhocail féin ar an sórt saoil a bheidh ag Jack amach anseo, dar leis an bhfile? (8 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (11 mharc)

### Jack

Strapaire fionn sé troithe ar airde,  
Mac feirmeora ó iarthar tíre,  
Ná cuimhneoidh feasta go rabhas—sa oíche  
Ar urlár soimint aige ag rince,

Fágfaidh a athair talamh ina dhiaidh aige,  
Pósfaidh bean agus tógfaidh síolbhach,  
Ach mar conacthas domhsa é arís ní chífear,  
Beagbheann ar chách mar 'gheal lem chroí é.

Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall,  
A gháire ciúin ná a chaint shibhialta –  
Ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha  
Buí fén lampa ar bheagán íle.

Barr dá réir go raibh air choíche!  
Rath is séan san áit ina mbíonn sé!  
Mar atá tréitheach go dté crích air –  
Dob é an samhradh so mo rogha pháirtí é.

### NÓ

- (i) Cad is téama don dán *Bímse Buan ar Buairt Gach Ló*, (thíos) dar leat? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** mhóthúchán atá sa dán.  
Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an dá mhóthúchán sin sa dán. (8 marc)
- (iii) Conas a léiríonn an file go raibh an nádúr faoi bhrón ón uair a d'imigh an Prionsa? (8 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (11 mharc)

### Bímse Buan ar Buairt Gach Ló

Bímse buan ar buairt gach ló,  
ag caoi go crua 's ag tuar na ndeor,  
mar scaoileadh uainn an buachaill beo  
's ní ríomhthar tuairisc uaidh, mo bhrón!

Ní haoibhinn cuach ba suaire ar neoin,  
táid fíorchoin uaisle ar uatha spóirt,  
táid saoithe 's suadha i mbuairt 's i mbrón  
ó scaoileadh uainn an buachaill beo.

*Curfá:*

Is é mo laoch, mo ghille mear,  
is é mo Shaesar, gille mear;  
ní bhfuairesas féin aon tsuan ar séan  
ó chuaigh i gcéin mo ghille mear.

Níor éirigh Phoebus féin ar cóir,  
ar chaomhchneas ré tá daolbhrat bróin,  
tá saobha ar spéir is spéirling mhór  
chun sléibhe i gcéin mar d'éala' an leon.

Níl séis go suaire ar chruachruit cheoil,  
tá an éigse i ngruaim gan uaim 'na mbeol,  
táid béithe buan ar buairt gach ló  
ó théarnaigh uainn an buachaill beo.

- (b) (i) Maidir leis an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa* (thíos), roghnaigh mothúchán **amháin** as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin mothúchán atá roghnaithe agat.

Sásamh(faoiseamh)  
fuath

grá  
síocháin

díomá  
briseadh croí

(20 marc)

**NÓ**

- (ii) Maidir leis an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar íomhá (pictiúr) **amháin** sa dán sin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat.

(20 marc)

## Faoiseamh a Gheobhadsa

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ar oileán mara,  
Ag siúl cois cladaigh  
Maidin is tráthnóna  
Ó Luan go Satharn  
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine,  
Ó chrá chroí,  
Ó bhuairt aigne,  
Ó uaigneas dhuaire,  
Ó chaint ghontach,  
Thiar ag baile.

Chun an chuid seo a fhreagairt féach ar na treoracha atá ar leathanach 1.

## CEIST 1

## – PRÓS ROGHNACH –

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le gearrscannán a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan cur síos ar an eachtra is mó a thaitin (**nó** nár thaitin) leat sa ghearrscannán sin. (23 mharc)

[ Ní mór teideal an ghearrscannáin sin, mar aon le hainm an stiúrthóra, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

- (ii) Cén phearsa (carachtar) is mó a thaitin leat sa ghearrscannán sin? Déan cur síos **gairid** air/uirthi. Inis cén fáth ar thaitin sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le **dráma** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an mothúchán is láidre atá le sonrú (le feiceáil) ann. (23 mharc)

[ Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar phearsa amháin sa dráma sin a thaitin leat (**nó** nár thaitin leat). (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar dhuine **amháin** de na carachtair ann. (23 mharc)

[ Ní mór teideal an scéil sin a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos ar ghné amháin den scéal sin a thaitin leat (**nó** nár thaitin leat). (10 marc)

- (b) (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na téamaí seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin téama atá roghnaithe agat.

Greann	cruachás	an óige (nó an tseanaois)	
Díomá	saol an mhic léinn	easpa céille	(18 marc)

[ Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

NÓ

- (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus **nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh. Tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a thaitin leat **agus** rud amháin nár thaitin leat. (18 marc)

[ Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

- (a)**
- (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (phictiúr) nó **dhá** mheafar a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) An dóigh leat go bhfuil teideal an dáin seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra. (8 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)
- [ Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

### NÓ

- (i) Maidir le dán seanaimeartha **amháin** a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis cén mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (ii) An dóigh leat go bhfuil teideal an dáin seo oiriúnach? (8 marc)
- (iii) Cén t-atmaisféar a chruthaítear sa dán, dar leat? Tabhair sampla ón dán. (8 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)
- [ Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

- (b)**
- (i) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**, a bhfuil ceann **amháin** de na mothúcháin seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin mothúchán sin atá roghnaithe agat.

grá áite  
fuath

grá rómánsach  
síocháin

grá éaglaise  
áthas/brón

(18 marc)

[ Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

### NÓ

- (i) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**. Tabhair cuntas **gairid** ar théama an dáin sin *agus* ar **dhá** íomhá (phictiúr) sa dán a thaitin leat (**nó** nár thaitin leat). (18 marc)
- [ Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir. ] (2 mharc)

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**